NÓTA FAISNÉISE - NOLLAIG 2021

Athruithe ar an bhFoirm Tuarascála Bliantúla

An Rialálaí Carthanas

Charities Regulator

1. Cúlra

Tá an nóta faisnéise seo á eisiúint ag an Rialálaí Carthanas de bhun alt 14(1) den Acht Carthanas 2009 ("an tAcht") ar mhaithe le feabhas ar riaradh agus bainistiú carthanas a spreagadh agus a éascú agus ar mhaithe le foilsiú faisnéise a bhaineann le carthanais chláraithe agus lena ngníomhaíochtaí a éascú.

Is iad iontaobhaithe carthanais na daoine a fheidhmíonn rialú ar charthanas ar deireadh thiar agus a bhfuil freagracht dhlíthiúil orthu as an gcarthanas. Más cuideachta é an carthanas, is féidir go dtabharfar 'stiúrthóirí' nó 'comhaltaí boird' orthu freisin. I gcumann neamhchorpraithe, is féidir go dtabharfar comhaltaí coiste orthu. I gcás iontaobhais, más iad iontaobhaithe an iontaobhais na daoine a chinneann an beartas agus a rialaíonn na sócmhainní, is iontaobhaithe carthanais iad freisin.

Leis an bhFoirm Tuarascála Bliantúla ar líne, nach mór a chur faoi bhráid an Rialálaí Carthanas laistigh de 10 mí tar éis dheireadh na tréimhse airgeadais, cumasaítear do charthanais agus d'iontaobhaithe carthanais na hoibleagáidí atá orthu faoi ailt 48, 50 agus 52 den Acht a chomhlíonadh. Is féidir le carthanais an Fhoirm a úsáid freisin chun sonraí a thabhairt faoi ghníomhaíochtaí carthanúla a n-eagraíochta sa tréimhse airgeadais roimhe. Foilsítear an fhaisnéis sin ar an gClár Carthanas ansin. Tá sé an-tábhachtach a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis cruinn agus go léirítear go hiomlán inti cineál ghníomhaíochtaí agus éachtaí an charthanais sa bhliain airgeadais roimhe. Tá sé sin ar cheann amháin de na bealaí inar féidir le hiontaobhaithe carthanais a thaispeáint go bhfuil a gcarthanas tiomanta do chloí le prionsabal na cuntasachta agus na trédhearcachta, mar atá leagtha amach sa Chód Rialachais do Charthanais.

Ós rud é go bhfuil iontaobhaithe carthanais freagrach as an bhFoirm Tuarascála Bliantúla a chuirtear faoi bhráid an Rialálaí Carthanas, ba cheart dóibh a chinntiú go dtabharfar don chomhdaitheoir údaraithe (an duine ar cuireadh de chúram air/uirthi an Fhoirm a chomhlánú thar a gceann, bíodh sé/sí ina (h)oibrí deonach, ina b(h)all foirne, ina c(h)omhairleoir gairmiúil nó ina d(h)uine eile) an fhaisnéis cheart chruinn a theastaíonn chun í a chomhlánú. A luaithe atá an Fhoirm Tuarascála Bliantúla comhlánaithe, ba cheart d'iontaobhaithe an charthanais í a cheadú sula gcuirtear faoi bhráid an Rialálaí Carthanas í. Tá sé ina chion faoi alt 52 den Acht mainneachtain Tuarascáil Bhliantúil a chur isteach in am. Mar sin, tá sé tábhachtach go gcinnteodh iontaobhaithe carthanais go bhfuil próiseas soiléir i bhfeidhm acu le haghaidh an Fhoirm Tuarascála Bliantúla a athbhreithniú agus a chur isteach in am gach bliain.

Leagtar amach sa nóta faisnéise seo roinnt athruithe a rinneadh ar an bhFoirm Tuarascála Bliantúla agus roinnt breiseanna a cuireadh léi. Beidh éifeacht leis na hathruithe agus na breiseanna sin ó mhí Eanáir 2022 i leith. Tá na hathruithe ceaptha chun tuilleadh trédhearcachta a thabhairt maidir leis na gníomhaíochtaí a sheolann carthanais chláraithe in Éirinn. Agus na hathruithe agus na breiseanna uile sin á sainaithint aige, d'fhéach an Rialálaí Carthanas lena chinntiú go mbeadh an fhaisnéis a iarrtar comhréireach agus go mbeadh sí teoranta dá bhfuil riachtanach chun na feidhmeanna reachtúla atá aige a chur i gcrích.

2. Athruithe ar an dóigh a gcuirtear faisnéis i láthair faoi láthair

2.1 Faisnéis airgeadais

Faoi láthair, tugann carthanais figiúirí airgeadais i ndáil leis na trí mhír seo a leanas:

(i) Ioncam iomlán (agus miondealú á thabhairt ar na catagóirí difriúla ioncaim)
(ii) Caiteachas ar phá agus tuarastail
(iii) Caiteachas eile

Chun cabhrú leis an gcomhdaitheoir, tarlóidh sé, ó mhí Eanáir 2022 i leith, go gcuirfear an figiúr Ioncaim Iomláin, an figiúr Caiteachais Iomláin agus an figiúr Barrachais/(Easnaimh) don bhliain isteach go huathoibríoch tar éis na bunfhigiúirí airgeadais atá leagtha amach thuas a iontráil ar an bhFoirm. Fágfaidh sé sin nach gá don chomhdaitheoir ach a sheiceáil go bhfuil na figiúirí a iontráladh ar an bhFoirm Tuarascála Bliantúla ag teacht le ráitis airgeadais an charthanais, á chinntiú go dtuairiscítear figiúirí cruinne. Beidh ioncam ó thiomnachtaí leagtha amach ar líne ar leith san anailís ar ioncam freisin. Cuireadh an mhír sin ar áireamh i dtabhartais roimhe seo. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil aon fhaisnéis nua á hiarraidh sa rannán seo den Fhoirm agus go gcuirfear an figiúr Ioncaim Iomláin agus an figiúr Caiteachais Iomláin i láthair ar an gClár poiblí Carthanas ar an mbealach céanna a chuirtear i láthair iad cheana féin.

Seo a leanas sampla den leagan amach nua atá ar an gcuid seo den Fhoirm Tuarascála Bliantúla:

Sonra	€
Ioncam ón Rialtas/ó Údaráis Áitiúla	0.00
Ioncam ó Chomhlachtaí Poiblí Eile	0.00
Ioncam ó Eagraíochtaí Daonchairdiúla	0.00
Ioncam ó Thabhartais	0.00
Ioncam ó Thiomnachtaí	0.00
Ioncam ó Ghníomhaíochtaí Trádála agus Tráchtála	0.00
Ioncam ó Fhoinsí Eile	0.00
Ioncam Iomlán	**Cuirtear an fhaisnéis isteach go huathoibríoch**
Caiteachas ar Thuarastail agus Pá	0.00
Caiteachas Eile	0.00
Caiteachas Iomlán	**Cuirtear an fhaisnéis isteach go huathoibríoch**
Barrachas/(Easnamh) don Tréimhse	**Cuirtear an fhaisnéis isteach go huathoibríoch**

2.2 Faisnéis faoi fhostaithe

San am i láthair, ceanglaítear ar charthanais an meánlíon fostaithe a bhí acu sa tréimhse tuairiscithe a thuairisciú ina mbandaí. Tá an fhaisnéis sin le feiceáil ar an gClár poiblí Carthanas. Ar mhaithe le faisnéis níos cruinne a thabhairt faoin líon daoine a oibríonn san earnáil carthanas, tarlóidh sé, ó mhí Eanáir 2022 i leith, go n-iarrfar ar charthanais an líon iarbhír fostaithe lánaimseartha agus páirtaimseartha a bhí acu sa tréimhse tuairiscithe a thabhairt. Beidh an fhaisnéis sin le feiceáil ar an gClár poiblí Carthanas.

Seo a leanas na ceisteanna a chuirfear ar an bhFoirm Tuarascála Bliantúla:

(a) Fostaithe lánaimseartha
Ceist – Luaigh an meánlíon fostaithe lánaimseartha a bhí agat in Éirinn le linn na tréimhse tuairiscithe, gan Tuaisceart Éireann a áireamh – tabhair an líon.

Míniú: Is fostaí lánaimseartha amháin é/í aon fhostaí a oibríonn 52 sheachtain sa tréimhse tuairiscithe.

(b) Fostaithe páirtaimseartha
Ceist – Luaigh an meánlíon fostaithe páirtaimseartha a bhí agat in Éirinn le linn na tréimhse tuairiscithe, gan Tuaisceart Éireann a áireamh – tabhair an líon.

Míniú: Is fostaí páirtaimseartha é/í aon fhostaí a oibríonn níos lú uaireanta ná fostaí lánaimseartha inchomparáide.

2.3 Faisnéis faoi oibrithe deonacha

San am i láthair, ceanglaítear ar charthanais an meánlíon oibrithe deonacha a rinne obair dheonach don charthanas le linn na tréimhse tuairiscithe a thuairisciú ina mbandaí. Tá an fhaisnéis sin le feiceáil ar an gClár poiblí Carthanas. Ar mhaithe lena shoiléiriú nár cheart iontaobhaithe an charthanais a áireamh sa líon oibrithe deonacha, tarlóidh sé, ó mhí Eanáir 2022 i leith, go mbeidh an cheist a chuirfear ar an bhFoirm Tuarascála Bliantúla leagtha amach mar a leanas:

Sonraigh an líon daoine aonair, gan iontaobhaithe carthanais a áireamh, a rinne obair dheonach do do charthanas le linn na tréimhse tuairiscithe.

Beidh feidhm ag na bandaí reatha go fóill agus beidh an fhaisnéis a thabharfar fós le feiceáil ar an gClár poiblí Carthanas.

3. Faisnéis bhreise

3.1 Faisnéis faoi shócmhainní agus dliteanais

Ó mhí Eanáir 2022 i leith, iarrfar ar charthanais faisnéis a thabhairt faoina gcuid sócmhainní agus dliteanas. Beidh an fhaisnéis a thabharfar le feiceáil ar an gClár poiblí Carthanas, i dteannta na bhfigiúirí Ioncaim Iomláin agus Caiteachais Iomláin a fhoilsítear cheana féin. Cabhróidh sé sin leis an Rialálaí Carthanas agus leis an bpobal tuiscint níos fearr a ghnóthú ar an staid airgeadais atá roimh charthanais aonair agus roimh an earnáil carthanas i gcoitinne, ar aon dul le prionsabal na trédhearcachta agus na cuntasachta. Toradh eile a bheidh ar an bhfaisnéis sin a bheith ar fáil is ea go gcumasófar don Rialálaí Carthanas feabhas a chur ar na hinniúlachtaí atá aige rioscaí a phróifíliú, rud a chumasóidh dúinn treoirlínte agus cúnamh níos fearr a sholáthar do charthanais. Seo a leanas na trí fhigiúr airgeadais bhreise a bheidh ina gcuid den Fhoirm Tuarascála Bliantúla ó mhí Eanáir 2022 i leith:

(i) Airgead sa bhanc agus ar láimh
(ii) Sócmhainní eile
(iii) Dliteanais iomlána

Beidh an fhaisnéis sin ar fáil go réidh i ráitis airgeadais an charthanais, a fhágann nach mbeidh aon obair bhreise le déanamh ag an gcarthanas chun teacht orthu. Agus an fhaisnéis thuas á húsáid, cuirfear figiúr Sócmhainní Iomlána agus figiúr Glansócmhainní/(Glandliteanas) don tréimhse isteach go huathoibríoch, mar atá sa tábla thíos. Fágfaidh ríomh uathoibríoch na bhfigiúirí sin nach gá don chomhdaitheoir ach a sheiceáil go bhfuil na figiúirí a iontráladh ar an bhFoirm Tuarascála Bliantúla ag teacht le ráitis airgeadais an charthanais, á chinntiú go dtuairiscítear figiúirí cruinne.

Seo a leanas sampla den leagan amach nua atá ar an gcuid seo den Fhoirm Tuarascála Bliantúla:

Sócmhainní agus dliteanais ag deireadh na tréimhse airgeadais	€
Airgead sa Bhanc agus ar Láimh	0.00
Sócmhainní Eile	0.00
Sócmhainní Iomlána	**Cuirtear an fhaisnéis isteach go huathoibríoch**
Dliteanais Iomlána	**0.00**
Glansócmhainní/(Glandliteanais)	**Cuirtear an fhaisnéis isteach go huathoibríoch**

3.2 Faisnéis faoi thuairimí Iniúchóireachta

Nuair is infheidhme, bíonn tuairimí iniúchóireachta ina ngné thábhachtach de thuairisciú ar na gníomhaíochtaí a sheol carthanas sa tréimhse airgeadais roimhe. Ó mhí Eanáir 2022 i leith, beidh carthanais in ann a shonrú ar an bhFoirm Tuarascála Bliantúla cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh iniúchadh ar a ráitis airgeadais agus, má rinneadh, cén cineál tuairime iniúchóireachta a thug na hiniúchóirí orthu. Tar éis an fhaisnéis sin a fháil, cumasófar don Rialálaí Carthanas an líon iomlán carthanas a ndéantar iniúchadh orthu gach bliain a shuí agus faireachán a dhéanamh ar an gcineál tuairimí iniúchóireachta a fhaigheann carthanais. Ní bheidh an fhaisnéis sin le feiceáil ar an gClár poiblí Carthanas.

Seo a leanas an cheist a chuirfear ar an bhFoirm Tuarascála Bliantúla ó mhí Eanáir 2022 i leith:

Bunaithe ar na roghanna seo a leanas, tabhair faisnéis faoi aon tuairim iniúchóireachta a bhaineann le ráitis airgeadais an charthanais, nuair is infheidhme:

- An bhfuil sé amhlaidh go ndearnadh iniúchadh ar na ráitis airgeadais? – Roghnaigh 'Tá' nó 'Níl'
- Má tá, roghnaigh ceann amháin de na ráitis seo a leanas:
- Glacadh leis an tuarascáil iniúchóireachta gan choinníoll (i.e. tuarascáil ghlan iniúchóireachta)
- Bhí béim ar ábhar sa tuarascáil iniúchóireachta
- Bhí tuairim choinníollach sa tuarascáil iniúchóireachta
- Bhí tuairim chodarsna sa tuarascáil iniúchóireachta
- Bhí séanadh tuairime sa tuarascáil iniúchóireachta

3.3 Faisnéis faoi aistrithe idirnáisiúnta cistí

Is é atá sa Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais, dá bhfuil Éire ina ball, ná foras faire idir-rialtasach domhanda i réimse an sciúrtha airgid agus an mhaoinithe sceimhlitheoireachta a tháirgeann moltaí agus caighdeáin chun freagairt chomhordaithe dhomhanda a chinntiú don choireacht. Dar leis an Tascfhórsa, tá baol ar leith ann go n-úsáidfear carthanais chun críocha sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta. Ar mhaithe le trédhearcacht mhéadaithe a thabhairt maidir le gníomhaíochtaí carthanas agus ar mhaithe le feabhas a chur ar an dóigh a dtuairiscíonn Éire don Tascfhórsa ach faisnéis a ghabháil faoina mhéid a ghabhann carthanais in Éirinn d'aistrithe idirnáisiúnta cistí, cuirfear na ceisteanna seo a leanas leis an Tuarascáil Bhliantúil do charthanais:

- An t-ioncam iomlán a fuair an carthanas ó áiteanna lasmuigh den Stát le linn na tréimhse airgeadais lena mbaineann an tuarascáil bhliantúil – tabhair an figiúr.
- Liosta de na tíortha a bhfuarthas ioncam uathu (a roghnófar ó liosta anuas).
- Na cistí iomlána a chaith an carthanas lasmuigh den Stát nó a d'aistrigh sé chuig áiteanna lasmuigh den Stát le linn na tréimhse airgeadais lena mbaineann an tuarascáil bhliantúil – tabhair an figiúr.
- Liosta de na tíortha ar aistríodh cistí chucu (a roghnófar ó liosta anuas).
- Más iomchuí, na modhanna a úsáideadh chun cistí a aistriú chuig áiteanna lasmuigh den Stát, e.g. banc atá lonnaithe sa Stát, An Post, ar líne, airgead tirim, etc.

4. Táblaí Achoimre

Achoimrítear sna táblaí seo a leanas na hathruithe ar an bhFoirm Tuarascála Bliantúla a mbeidh éifeacht leo ó mhí Eanáir 2022 i leith:

Tábla 1

Athruithe ar an bhFoirm Tuarascála Bliantúla	Tá an fhaisnéis seo le feiceáil ar an gClár Poiblí Carthanas faoi láthair	Níl an fhaisnéis seo le feiceáil ar an gClár Poiblí Carthanas faoi láthair
Faisnéis faoi ioncam agus caiteachas	✔	
An líon fostaithe lánaimseartha agus páirtaimseartha	✔	
An líon oibrithe deonacha, gan iontaobhaithe carthanais a áireamh	✔	

Tábla 2

Faisnéis Bhreise san Fhoirm Tuarascála Bliantúla	Beidh an fhaisnéis seo le feiceáil ar an gClár Poiblí Carthanas	Ní bheidh an fhaisnéis seo le feiceáil ar an gClár Poiblí Carthanas
Sócmhainní agus dliteanais ag deireadh na tréimhse airgeadais	✔	
Iniúchadh ar ráitis airgeadais (más iomchuí)		✔
Faisnéis faoi aistrithe idirnáisiúnta cistí		✔

Tá liosta iomlán den fhaisnéis a bheidh le feiceáil ar an bhFoirm Tuarascála Bliantúla ó mhí Eanáir 2022 i leith leagtha amach san Aguisín. Chun cabhrú le hiontaobhaithe carthanais agus le comhdaitheoirí údaraithe, tá an fhaisnéis curtha i láthair i bhfoirm seicliosta.

Aguisín -
Liosta den Fhaisnéis a bheidh san Fhoirm Tuarascála Bliantúla

TABHAIR FAOI DEARA: Úsáidtear an tsiombail 👁 chun a léiriú go bhfoilsítear an fhaisnéis ar an gClár poiblí Carthanas.

Táb 1 - Comhlíonadh an Chóid Rialachais do Charthanais (an Cód)		
An bhfuil sé amhlaidh go gceanglaítear ar an gcarthanas Caighdeáin Bhreise an Chóid a chomhlíonadh?		
An bhfuil sé amhlaidh gur chomhlíon an carthanas na rannáin uile den Chód nó roinnt rannán den Chód, nó nár thosaigh sé ag comhlíonadh an Chóid fós, nó gur fearr leis gan an méid sin a chur in iúl?		
• Má dhearbhaíonn an carthanas gur chomhlíon sé na rannáin uile den Chód go hiomlán, foilseofar an dearbhú sin ar an gClár poiblí Carthanas	👁	
• Má dhearbhaíonn an carthanas gur chomhlíon sé roinnt rannán den Chód, is féidir leis a chur in iúl cé na rannáin nár comhlíonadh agus a mhíniú cén fáth nár cuireadh i gcrích iad. • Is féidir leis an gcarthanas a roghnú an mian nó nach leis go ndéanfaí an dearbhú comhlíonta pháirtigh sin agus na cúiseanna leis a fhoilsiú ar an gClár poiblí Carthanas.	👁	
• Má dhearbhaíonn an carthanas nár thosaigh sé ag comhlíonadh an Chóid fós nó más fearr leis gan an méid sin a chur in iúl, ní bheidh an fhaisnéis sin le feiceáil ar an gClár poiblí Carthanas		

Táb 2 – Gníomhaíochtaí		
Cé na gníomhaíochtaí a sheol do charthanas le linn na tréimhse tuairiscithe chun do chuspóirí carthanúla a chur chun cinn?	👁	
Tabhair cur síos gairid ar na gníomhaíochtaí a sheol do charthanas le linn na tréimhse tuairiscithe chun do chuspóirí carthanúla a chur chun cinn	👁	
Cé na grúpaí a bhain tairbhe dhíreach as gníomhaíochtaí do charthanais le linn na tréimhse tuairiscithe?	👁	
An bhfuil sé amhlaidh go gcuireann do charthanas seirbhís dhíreach ar fáil do dhaoine aonair?		
Luaigh an meánlíon fostaithe lánaimseartha a bhí agat in Éirinn le linn na tréimhse tuairiscithe (gan Tuaisceart Éireann a áireamh)	👁	
Luaigh an meánlíon fostaithe páirtaimseartha a bhí agat in Éirinn le linn na tréimhse tuairiscithe (gan Tuaisceart Éireann a áireamh)	👁	
Sonraigh an líon daoine aonair, gan iontaobhaithe carthanais a áireamh, a rinne obair dheonach do do charthanas le linn na tréimhse tuairiscithe	👁	

Táb 3 - Airgeadas		
Ioncam ón rialtas láir nó ó údaráis áitiúla		
Ioncam ó chomhlachtaí poiblí eile		
Ioncam ó eagraíochtaí daonchairdiúla		
Ioncam ó thabhartais, agus an cineál tabhartais á shonrú		
Ioncam ó thiomnachtaí		
Ioncam ó ghníomhaíochtaí trádála agus tráchtála		
Ioncam ó fhoinsí eile, agus na foinsí sin á sonrú		
Caiteachas ar thuarastail agus pá		
Caiteachas eile		
Caiteachas iomlán		
Airgead sa bhanc agus ar láimh		
Sócmhainní eile		
Dliteanais iomlána		
An bhfuil sé amhlaidh go ndearnadh iniúchadh ar do ráitis airgeadais agus, má tá, cén cineál tuairime iniúchóireachta a thug na hiniúchóirí orthu (tuairim gan choinníoll, tuairim choinníollach, etc.)?		
An t-ioncam iomlán a fuair an carthanas ó áiteanna lasmuigh den Stát le linn na tréimhse airgeadais lena mbaineann an tuarascáil bhliantúil		
Liostaigh na tíortha a bhfuarthas ioncam uathu		
Na cistí iomlána a chaith an carthanas lasmuigh den Stát nó a d'aistrigh sé chuig áiteanna lasmuigh den Stát le linn na tréimhse airgeadais lena mbaineann an tuarascáil bhliantúil		
Liostaigh na tíortha ar aistríodh cistí chucu		
Más iomchuí, liostaigh an modh/na modhanna a úsáideadh chun cistí a aistriú chuig áiteanna lasmuigh den Stát (aistriú bainc, An Post, etc.)		

Táb 4 – Doiciméid		
Uaslódáil ráitis airgeadais don tréimhse tuairiscithe		
Uaslódáil doiciméid tacaíochta eile		
Táb 5 - Dearbhú		
Céadainm an chomhdaitheora		
Sloinne an chomhdaitheora		
Seoladh ríomhphoist an chomhdaitheora		
Uimhir theileafóin an chomhdaitheora		
Cuir tic leis seo chun an dearbhú a dheimhniú		

An Rialálaí Carthanas
Charities Regulator

An Rialálaí Carthanas
3 Duga Sheoirse
An Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta
Baile Átha Cliath 1
D01 X5X0
Teileafón: 01 633 1500
www.charitiesregulator.ie
© An Rialálaí Carthanas Nollaig 2021
Nóta Faisnéise - Athruithe ar an bhFoirm Tuarascála Bliantúla - Rev 000